

A theachtaire théid bhú thuaidh

[Ó Donnchadha, T. *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*, Dublin, 1931, poem 2]

Dubhthach Mac Eochadha cct.

1 A theachtaire théid bhú thuaidh,
naisgim ort, d'úain nó d'anbhúain,
a breith libh uaim i nUltoibh
bhú thuaidh bir mo bheannachtain.

2 Ós éigin duit dol a bhfad
i nUlltaibh d'fhios ar gcarad,
ná leig fer i bhfód Oiligh
sean ná óg gan fhiafroighidh.

3 Don chomhrádh do chanus ribh
focal seachad san slighidh
féchthar libh nár léig tusa
a fhir théid san turussa.

4 Deuna mar adubhart rut,
don tuaisgiort tarruing romhút,
do mhac ríogh féin go bhfaghair
tar shíol Néill anallamhain.

5 Ná coduil i gcrích Eamhna
dá oidhche i dtigh thighearna
dá bhfuil uaibh go hAodh mBuidhe
don taobh thuaidh, a thechtuire.

6 Cubhaidh re hAodh, ós é as fearr,
dá dtíosdaois teachta Éireann
gur ina theach dleaghair dol
tar gach neach d'fheroibh Uladh.

7 Mairg dhamh féin nach fuil ad riocht,
a dhuine théid don tuaisciort,
tar éis m'aistir don taoibh thuaidh
is Aodh d'fhaicsin an athuir.

8 Atá urra íocfas ribh
ar bhur gceann i gcrích Oiligh,
a theachtuire théid anonn,
an mhéid eachtoighe orom.

9 Atá thall i dTrian Conghoil
fer chreidfeas dom chomhordhaibh,
beir gobhlán dá labhair libh

do chomhrádh fhalaigh éigin.

10 Comhardha folaigh dha bhfuil eadrum is mac Bríain Bhallaigh do-gheibh an tí dá dtiubhar gach ní adeir do dheimhniughadh.

11 D'ionnsuidhe Aodha Buidhi beir id bheol a thechtairi na roinnsi do-ním anonn do bhrígh thoirrsi dum thaghall.

12 Fedh ráithe dhamh thall 'na thigh ní fríth liom ó ló an chéidfhir mí aoibhill ráithe reimhe snáithi aoibhinn aimsire.

13 An aimsir nír airigh mé ag dul uaim d'éis a chéile; is é aderair ríamh roimhe: cían le feraibh furnoidhe.

14 Fuarus caidreamh clann Aodha, neach tar mh'éis ní hiontaobha muna maoidhinn é orra mo ré aoibhinn eatorra.

15 Ní raibhe ag duine dhíobh soin rún comhairle ná cogair nach fuair mesi, mór an nert, lór mo threisi san tuaisceart.

16 Fuarus d'onóir aca sin fedh mo chuarta i gcrích Oiligh a bhfuair mé d'iolmhaoinibh ann nach é as ionmhaoidhimh oram.

17 Cidh iomdha ag Aodh adhbhar gill, ní treisi cúis dá gcluininim fa bhfúair urraim Innse Fáil, millse a chumainn 's a chomhrádh.

18 Ní hiad na heich ní hí an ghroigh fuarus ó mhac Bhriain Bhallaigh 's ní hiad na cuirn do mheall mé ná an mhuirn i gcenn a chéile.

19 Do-gheibhinn uadha d'umhla i n-onóir na healadhna,

dá suidhinn do thaobh don toigh
go bhfuighinn Aodh im fhochair.

20 Teach ina bhfuighinn fáilte
eidir m'fheruibh énpáirte,
atá thoir le taobh gcalaidh,
'na bhfoil Aodh 's a ollamhain

21 I gcaladh Chairrgi Ferghais
atá lár a fhlaithemhnais
an treabh ara dtréicther leam
gach éintegh ar fheadh Éireann.

22 Dá dteagmhadh go n-íarrfainn air
dol ar cuairt éigin annaimh,
cead ó Aodh ní fhaghaibh sinn,
m'aghaidh ca taobh i dtibhrinn?

23 Ní haister as sía 'ná soin
do bhí im chionn, car an earraigh,
dol ón lios go taobh trágha
le hAodh d'fhios na hiomána.

24 Dob iomdha macaomh is mná,
dá mbeinn dá n-easbaidh aonlá,
ar an fhaithchi rem aighidh
'gum aithni dá n-ionnsaighaidh.

25 Seal damh i dtigh a theghaligh,
seal oile 'gon ingheanraidh;
adhbhar smuainidh a Dhé dhamh
mé ar uainibh san dá ionadh.

26 Nír ghabhas crodh ná comha
chugam do chionn anamha;
dob uamhain re hAodh Ó Néill
gumadh taom uabhair eiséin.

27 D'éis sgarthana dhó agus damh
minic do-chínn im chodladh
bheith fá chádhas thuaidh 'na thigh
mar do bhádhas uair éigin.

28 Dá mbeith arís i ndán damh
taghall i dtuaisgiort Uladh
atá fúinn gan aighidh as
Laighin dúinn acht giodh dúthchas.

29 Innis féin go bhfuighi soin

tuilledh dána 'na degheidh
an mhéad rann do roighni mé
madh gann le hoidhri Áine.

30 Rann iargamhairc Aodha Í Néill
ná déna dermad deséin
's gan a roinn re haon oile
sloinn sgach taobh a thechtuiri.